

An t-Aifreann

Inniu an lá, inniu an lá

A chruthaigh sé, a chruthaigh sé
Molaimís é, molaimís é
Is bí athasach, is bí athasach.
Molaimís é is bí athasach,
Molaimís é is bí athasach
Inniu an lá, inniu an lá
A chruthaigh sé.

Soiscéal: Moladh duit a Íosa Chríost

Rí na glóire síorraí.

Seinn Alleluia- Don Cáisc

Ag Críost an síol, ag Críost an fómhar,
In iothlainn Dé go dtugtar sinn
Ag Críost an mhuir, ag Críost an t-iasc
I líontaibh Dé go gcastar sinn.
Ó fhás go haois, is ó aois go bás
Do dhá láimh a Chríost anall tharainn
O bhás go críoch, ní críoch ach ath-fhás
I bParrthas na nGrást go rabhaimid.

Is Naofa Naofa Naofa thú,

A thiarna Dia na slua
Tá Neamh agus talamh lán de do ghlóir
Hosanna sna harda.
Is beannaithe an té 'tá ag teacht in ainm an
Tiarna. Hosanna sna harda

Fógra an Creidimh

Tá sé beo, tá sé beo
Tá sé éirithe ón mbás is tá sé beo
Lúbfaidh gach glún síos
Cloisfear ó gach béal
'Sé Iosa Críost ár nDia.

Ár n-Athair atá ar neamh

Go naomhtar d'ainm, go dtaga do riocht
Go ndéantar do thoil ar an talamh mar a
dhéintear ar neamh. Ár n-arán laethúil
tabhair dúinn inniu agus maith dúinn ar
bhfiacha, mar a mhaithimidne dár
bhféichiúna féin. Is ná lig sin i gcathú ach
saor sinn ó olc. Amen

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain.
Déan trocaire orainn.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain
Déan trocaire orainn.

A Uain Dé a thógann peacaí an domhain.
Tabhair dúinn síocháin.

**1) Céad Mile Fáilte romhat a Íosa, a
Íosa, Céad míle fáilte rómhat , a Íosa**
Céad míle fáilte rómhat a Shlánaítheoir
Céad míle, míle fáilte rómhat
a Íosa, a Íosa.

2) Glóir agus moladh duit a Íosa, a Íosa
Glóir agus moladh duit a Íosa
Glóir agus moladh duit a Shlánaítheoir
Glóir moladh agus buíochas duit Íosa,
a Íosa.

1) A Mhuir Mháthair, sé seo mo ghuí
Go maire Íosa go deo im' chroí
Ave Maria. mo ghrá avé

Is tusa mo mháthair ,is máthair Dé

2) A Mhuire Mháthair, i rith mo shaoil
Bí liom mar dhídean ar gach aon bhaol
Ave Maria, mo ghrá avé

Is tusa mo mháthair, is máthair Dé

3) A Mhuire Mháthair, 'tá lán de ghrást'
Go raibh tú taobh liom ar uair mo bháis
Ave Maria, mo ghrá avé

Is tusa mo mháthair is máthair Dé

Go mbeannaítear duit a Mhuire

Atá lán de grásta

Tá an Tiarna leat

Is beannaithe thú idir mhná

Is beannaithe toradh do bhruinne Íosa

A Naomh Mhuire a Mháthair Dé

Guighe orainne peacaigh anois

Agus ar uair ár mbáis. Aimen

Is mise an Tiarna, Don Cáisc

is chónaigh mé abhus;

Ardaigh do chroí, beidh mar a bhí

Éireoidh an lá, míneofar an fáth

Is mise an Tiarna, Tiarna an ghrá

1) Is mise an Tiarna chruthaigh mé an
domhan

Seanbhean ag ghuí, éin ag suirí

An ghrian go hard agus planda glas ag fás

Is mise an Tiarna, Tiarna an Ghrá (Cúrfa)

2) Is mise an Tiarna, d'aiséirigh mé ón
mbás

Anois an t-am, tóg suas do cheann

Ón gcogadh, ón ngá, ón gcruatan is diomá,

Is mise an Tiarna, Tiarna an Ghrá (Cúrfa)

Caoineadh na dtrí Mhuire

A Pheadair, a aspail,
An bhfaca tú mo ghrá geal?
Och-ón agus och-ón ó
Do chonaic mé ar ball é
I lár a namhad,
Óch-ón --- agus ochón ó
Gabh i leith a dhá Mhuire
Go gcaoine sibh mo ghrá liom
Och-ón agus och-ón ó
Céard 'tá le caoineadh 'gainn
Muna gcaoinimid a chnámha
Och-ón--- agus och-ón ó

An é sin an maicín
A d'iompair mé trí ráithe?
Och-ón agus och-ón ó
An é sin an maicín
A rugadh ins an stable?
Och-ón--- agus och-ón ó
Éist! Éist! a mhaithrín
Is ná bí cráite
Och-ón agus ochón ó
Tá mná mo chaointe
le breith fós,a mháthair,
Och-ón --- agus ochón ó